Gairmscoil na bPiarsach

Nuachtlitir Nollaig 2012

Focal ón bPríomhoide

Tá an Nollag buailte linn faoi dheireadh agus scithe na Nollag tuilte go maith faoin tráth seo ag chuile dhuine sa scoil. D'imigh an dara téarma sin tapaí go maith agus go leor curtha i gcrích ag scoláirí na scoile. D'éirigh go maith le scoláirí an ceathrú bliain agus iad amuigh ar thaithí oibre le gairid. Táim buíoch do na fostoirí ar fad a thug an taithí sin dhóibh agus do na múinteoirí **Patricia Uí Flaithearta, Anna Ní Dhomhnaill agus Briain Ó hAnnaidh** as ucht iad a ullmhú.

Bhí muid mar fhoireann go ginearalta sásta le torthaí scrudú na Samhna agus ag súil le deathoradh arís i scrudú na Nollag. Mar scoláire, bíodh pléan leagtha amach agat. Má chuirtear an obair isteach, éireoidh leat. Níl uainn ag deireadh an lae ach do dhícheall.

Buíochas le fundaireacht **Bhrigid Aylward** a chuir airgead ar fail le trealamh a fháil don leabharlann agus le **Coiste na Páirce** as ucht cead an pháirc peile áitiúil a úsáid i gcóir traenáil agus cluichí.

Bhí seachtain an chairdeas againn ag deireadh mí na Samhna agus d'éirigh thar barr leis arís. Rinne na múinteoirí agus na scoláirí ar fad plé ar chúrsaí bulaíochta ar feadh na seachtaine. Má tá bulaíocht a dhéanamh ort nó ma thugann tú faoi deara go bhfuil tromaíocht a dhéanamh ar dhuine éigin eile, abair le duine éigin é. **Beidh cúnamh ar fáil**. Ní ghlacfar le bulaíocht de shaghas ar bith i nGairmscoil na bPiarsach.

Ar deireadh, a chairde guím Nollag faoi shean agus faoi mhaise oraibh ar fad agus tá súil agam go mbeidh bliain nua mhaith agaibh i 2013. Beidh an scoil ag ath-oscailt ar an **Luan 7ú Eanair 2013.** **Peadar Ó Loideain**

Seachtain na hEolaíochta 2012

Bhí seachtain na hEolaíochta ar siúl le linn mí na Samhna. Arís i mbliana bhí roinnt imeachtaí ar síul. Thug an "juggler" **Dr. Ken** cuairt ar an nGort Mór agus chuir sé trí sheó iontach ar fáil. Ár mbuíochas le **Féile Eolaíochta & Teicneolaíochta na Gaillimhe** a d'eagraigh an ócáid seo agus freisin le **Micheál Ó Máille**, príomhoide Scoil Bhriocáin a chuir halla na scoile ar fáil dhúinn. D'fhreastal timpeall 200 duine ar an seó eolaíochta. Chomh maith le scoláirí Ghairmscoil na bPiarsach bhí scoláirí i láthair as na scoileanna náisiúnta uilig sa gceantar, **Scoil Bhriocáin, Scoil Mhuire, S.N. Chill Chiaráin, S.N. Chamuis agus S.N. Leitir Mucú** ina measc.

Le linn seachtain na hEolaíochta chomh maith thug **"Animal Madness"** cuairt ar an scoil. I measc na h-ainmhithe a bhí acu bhí nathair, earc luachra, pocaide pygmy as an Aifric, francach, coiníní, hamstair, tarantula agus go leor feithidí eile. Ár mbuíochas do **Chlár Criochnú scoile** a chuir maoiniú ar fáil don ócáid. Bhain chuile dhuine an-tairbhe as agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar na scoláirí.

Bridie Uí Chonámha (Múinteoir Eolaíochta).



Gairmtreoir agus Clár Gairme na hArdteiste

Turas go Coláiste Náisúnta Mara i gCorcaigh

Chuaigh an **4ú agus an 5ú bliain** ar thuras síos go dtí **Coláiste na Mara i gCorcaigh** ar an 23ú Deireadh Fómhair leis an gComhairleoir Gairmtreoir **Patricia Uí Fhlaithearta** agus an **Príomhoide Peadar Ó Loideáin.** Ba turas fada a bhí ann ach bhain na scolairí an-taithnimh as agus beidh roinnt scolairí ag súil go mbeidh siad ag staidéar ins an gColáiste taréis na hArdteiste. Chomh maith le sin bhí turas amach ag an Ardteist chuig **Acadamh na hOllscoile**, ar an gCeathrú Rua i mí na Samhna. Fuair siad go leor eolas faoi an cúrsa Cumarsáide (4 bliana). Is cúrsa iontach i seo do mhic léinn a mbeadh suim acu oibriú sna meán, ar teilifís, raidió nó mar iriseoirí.

Clár Gairme na hArdteiste

Tá an **4ú bliain** ar ais ar scoil taréis seachtain taithí oibre a dhéanamh i ngach cinéal comhlucht, siopa, garáiste, scoil agus studio teilifís agus raidió. Tá muid fíor bhuíoch do na heagraiochtaí uilig a thug an deis dóibh an taithí tabhachtach seo a fháil. Bhain siad an-taithnimh agus tairbhe as an t-seachtain.

Siopa na Nollaig

Tá an **4ú bliain** an-ghnóthach faoi láthair ag réiteach earraí le haghaidh **Siopa na Nollag**. Tá go leor ordaithe faighte acu uaidh tuismitheoirí na scoile atá i gconai sásta a dtacaíocht a thabhairt don scoil. Tá mainséir, cartaí nollaig, coinnleóir na nollaig, pleascóga, cistí na banríona agus brioscaí á dhéanamh acu. Tá mé fíor bhuíoch do na múinteoirí atá ag tabhairt tacaíocht dhóibh.

Irísleabhar 2013

Tá an **Ard Teist** gnóthach faoi láthair ag cur críoch leis an **Irisleabhar 2013**. Chuir siad an leabhar seo le chéile mar chuid de **Chlár Gairme na hArdteiste**. Beidh an Irisleabhar á láinseáil sa scoil roimh na Nollag. Buíochas lena daoine go léir a thug tacaíocht agus go h-áirithe na comhlachtaí a cheannaigh fógraí don Irisleabhar.

Patricia Uí Fhlaithearta (Comhairleoir Gairmtreoir)

Cúrsaí FETAC

Comhgháirdeachas le **Carrie Jean Treviss** ar éirigh leí **Teastas FETAC Leibhéal 1 i bhFoghlaim Ghinearalta** a bhaint amach le déanaí. Sa bpictiúr in éineacht le Carrie tá an cúntoir ranga **Nóra Ui Chualáin** agus an Múinteoir Riachtanais Speisialta **Martha Ní Chualáin**.

Agallamh Iris Aniar

Rinne roinnt scoláirí ón ceathrú bliain agallamh ar an gClár Iris Aniar le déanaí. Bhí an clár faoi úsáid cathaoir rotha in áiteacha poiblí i gCathair na Gaillimhe. Tá siad anseo sa bpictiúr in éineacht **le Máirín Nic an Iomaire** ón gclár **Iris Aniar.**

Ranganna Oíche

D'eagraigh an oifigeach teangmhála baile **Bríd Ui Bhriain** roinnt imeachtaí do thuismitheoirí le gairid. Ina measc bhí ranganna Cócaireacht na Nollag le Micheál Ó Maoláin agus rang **Cóiriú Bláthanna don Nollaig le Áine Uí Cheallaigh.** Chomh maith leis sin bíonn ranganna **Matamaitic ar siúl do thuismitheoirí gach Déardaoin ag 11.00r.n. agus rang Gaeilge ag 12.00méanlae.** Tá fáilte roimh tuismitheoirí nua.

Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100
Ríomhphost: piarsach@cogalvec.ie *www.gairmscoilnabpiarsach.com*

Eag: Bridie Uí Chonámha